

Preaseisiúint

Seoladh an Idirghrúpa Pharlaimint na hEorpa chun Dúshlán na hAilse a Thabhairt Dé Céadaoin, 1 Iúil 2020

[Faoi lánchosc go dtí an 1 Iúil 2020, 7:00 am ALE](#)

Seolfar inniu an chéad agus an t-aon Idirghrúpa Parlaiminteach AE a rachfar i ngleic leis an ailse amháin: an tIdirghrúpa chun Dúshlán na hAilse a Thabhairt. Is é an Feisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE) Cristian Buşoi (EPP) a bheidh ina chathaoirleach ar an ngrúpa neamhfhoirmiúil seo de FPEanna traspháirtí; agus na FPEanna Alessandra Moretti (S&D), Aldo Patriciello (EPP), Frédérique Ries (Renew) ina gcomhchathaoirligh air, agus is í Comhghuaillíocht Eorpach na nOthar a bhfuil Ailse Orthu (ECPC—European Cancer Patient Coalition) a sholáthróidh an Rúnaíocht dó.

Tá FPEanna agus réimse cainteoirí ardleibhéil ag teacht le chéile don seoladh fíorúil, lena n-áirítear an Coimisinéir Sláinte Stella Kyriakides agus Cathaoirleach Bhord Misin na hAilse, an tOll. Walter Ricciardi, chun plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le coincheap an ‘Mhisin’ i réimse na hailse le linn paidéimí amhail COVID-19 agus ar ról an lucht déanta beartais agus na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí othar amhail ECPC.

“Ní féidir le gníomhaire aonair an ailse a chloí, is deis í do pháirtithe leasmhara ar gach leibhéal agus ar fud réimse taitní agus cúlraí chun comhoibriú ar mhaithe le leas na nEorpach go léir. Is beart d’aontacht na hEorpa é Plean na hEorpa chun an Ailse a Chloí,” a dúirt an FPE Rómánach Cristian-Silviu Buşoi (EPP), Cathaoirleach an Idirghrúpa chun Dúshlán na hAilse a Thabhairt.

“Mar an mbrateagraíocht is mó d’othair a bhfuil ailse orthu, is cúis onóra dúinne ag ECPC an Rúnaíocht a sholáthar don Idirghrúpa nua tábhachtach seo maidir leis an ailse. Léirítear le cruthú an Idirghrúpa chun Dúshlán na hAilse a Thabhairt go dtugtar fíorthosaíocht don ailse san Eoraip anois. Oibreoidimid le comhaltaí an ghrúpa chun a áirithiú go mbeidh na hothair ag croílár straitéis frithailse na hEorpa,” a dúirt Uachtarán ECPC, Kathi Apostolidis.

In ainneoin na n-iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar ualach méadaitheach na hailse san Eoraip le blianta beaga anuas, tá an ailse fós ar cheann de na dúshláin leighis agus shochaíocha is mó dár linne. Sin é an fáth gur roghnaigh an Coimisiún an ailse mar cheann dá chúig Mhisean nua AE um thaighde agus nuálaíochta. Is í sprioc Mhisean na hAilse í ráta marthanais 75% a ghnóthú faoi 2030, ó 47% an lá inniu ann, ach aird a dhíriú ar chosc agus ar chóireáil na hailse, ar chúram marthanais, ar an nuálaíocht shóisialta agus ar laghdú an neamhionannas reatha a áirithiú. I ndlúthchomhar le Misean na hAilse, is amhlaidh a dhíreofar Plean na hEorpa chun Ailse a Chloí, a bhfuiltear ag dúil lena fhoilsiú faoi dheireadh na bliana 2020, ar an gcosc, ar an diagnóisiú, ar an gcóireáil agus ar chaighdeán na beatha d’othair agus do mharthanóirí.

Is le seoladh an Idirghrúpa chun Dúshlán na hAilse a Thabhairt atá FPEanna ag léiriú a dtacaíochta láidre agus a dtola polaitiúla chun an beart i gcoinne na hailse a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile. Beidh comhaltaí an Idirghrúpa in ann díriú ar bhealach níos iomláine ar an gcomhrac i gcoinne na hailse, agus saothrú le chéile leis an

mbearna idir institiúidí Eorpacha agus saoránaigh Eorpacha a dhruidim. Feidhmeoidh an tIdirghrúpa chun Dúshlán na hAilse a Thabhairt mar fhóram do FPEanna ó gach páirtí polaitiúil chun tabhairt faoi chomhphlé le hothair, marthanóirí agus cúramóirí ailse, comhlachais eolaíochta agus leighis, institiúidí taighde, meithleacha machnaimh, liachleachtóirí agus taighdeoirí, lucht déanta beartais agus ceannairí i dtionscal na sláinte, leis an tsochaí shibhialta trí chéile, agus le rialtais agus institiúidí náisiúnta. Feidhmeoidh sé mar bhealach cumarsáide déthreo trí éisteachtaí agus díospóireachtaí a réachtáil, agus trí mhisin aimsithe fíoras a dhéanamh ar ábhair shuntasacha amhail an cosc, an rochtain ar chóireáil, ganntanais leighis, taighde ailse ar chaighdeán na beatha, nuálaíocht sa chúram ailse, agus an marthanas. Múnlóidh an tIdirghrúpa an treo straitéiseach a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa sa chomhrac i gcoinne na hailse, áiritheoidh sé leanúnachas idir an sainordú roimhe seo agus an sainordú reatha, agus treoróidh sé obair na FPEanna ar Mhisean na hAilse agus ar Phlean na hEorpa chun an Ailse a Chloí bunaithe ar réitigh neamh-chlaonpháirteacha agus fianaisebhunaithe.

Ba é ECPC a cheap an tIdirghrúpa nua seo mar thoradh ar a thiomantas agus a pháirtíocht leanúnach chun ‘Misin’ a bhunú chun tacú leis an gCoimisiún Eorpach agus in éineacht le comhaltaí iomráiteacha an Acadaimh Eorpaigh um Eolaíochtaí na hAilse (EACS—European Academy of Cancer Sciences). Is é ECPC, lena 450 balleagraíocht d’othair a bhfuil ailse orthu ar fud an Aontais Eorpaigh, a fheidhmeoidh mar idirghabhálaí idir an tIdirghrúpa Parlaiminteach um an Ailse agus an tsochaí shibhialta trí chéile. Is ina cháil mar Rúnaíocht an idirghrúpa a sholáthróidh ECPC rochtain do na comhaltaí ar fhíorfhianaise agus ar fhíorthaithí othar, agus ligfidh sé do shaoránaigh a gcuid riachtanas a chur in iúl go díreach do lucht déanta beartais na hEorpa ag an am céanna. Tá an cumas ag ECPC eolas a chomhroinnt ar feadh a líonra uile-Eorpaigh d’eagraíochtaí, le tionchar a fheidhmiú ar bheartais sláinte poiblí agus ailse.

///

Maidir le Comhghuaillíocht Eorpach na nOthar a bhfuil Ailse Orthu agus Idirghrúpaí Parlaiminteacha

Is í Comhghuaillíocht Eorpach na nOthar a bhfuil Ailse Orthu (ECPC) an t-urlabhraí thar ceann na n-othar a bhfuil ailse orthu san Eoraip. Agus 450 balleagraíocht ann, is é ECPC an bhrateagraíocht is mó san Eoraip d’othar a bhfuil ailse orthu, agus clúdaíonn sé na 28 Ballstát go léir agus go leor tíortha Eorpacha agus neamh-Eorpacha eile nach iad. Déanann ECPC ionadaíocht thar ceann othar a bhfuil gach cineál ailse orthu, idir na cinn is neamhchoitianta agus na cinn is coitianta.

Is éard is Idirghrúpa Parlaiminteach ann ná grúpa neamhfhoirmiúil FPEanna traspháirtí ar mian leo smaointe comhroinnte a thabhairt chun solais agus a chur chun cinn. Feidhmíonn sé mar fhóram, i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara seachtracha de ghnáth, inar féidir saineolas a chomhroinnt, agus inar féidir dul chun cinn a dhéanamh ar obair reachtach ar ábhair faoi leith.

Nótaí d’eagarthóirí

Le haghaidh níos mó faisnéise, déan teagmháil le:

paulina.gono@ecpc.org/; +32 (0) 494 35 54 82

adela.maghear@ecpc.org/; +32 (0) 488 80 03 81

Lean sinn ar Twitter ([@cancereu](https://twitter.com/cancereu)), Facebook (facebook.com/pg/ECPCfb) agus ar www.ecpc.org/